AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 17.9.2024
COM(2024) 55 final

2024/0230 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle

{SWD(2024) 55 final} - {SWD(2024) 56 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Réamhrá

I bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa, d'fhógair an Coimisiún go raibh sé beartaithe aige an Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac a thabhairt cothrom le dáta[1]. Ar cheann de chuspóirí an phlean, ar cuspóirí iad a bhaineann le tobac, áirítear cuidiú le 'Glúin Saor ó Thobac' a chruthú ina n-úsáidfidh níos lú ná 5 % den daonra tobac faoi 2040, i gcomparáid le thart ar 25 % inniu. Is é atá i gceist leis an athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac tionscnamh a bhfuil sé d'aidhm aige cuidiú go dearfach leis an sprioc sin, an cuspóir a chomhlíonadh maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhealach níos fearr ar thoit thánaisteach a eascraíonn ó tháirgí tobac indóite agus aerasóil thánaisteacha a eascraíonn ó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn, agus an t-éirí as caitheamh tobac agus dínormalú caithimh tobac agus úsáide nicitín a chur chun cinn.

Leis an Moladh atá ann faoi láthair ón gComhairle (2009/C 296/02) leagtar amach moltaí le haghaidh na mBallstát chun Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC) a chur chun feidhme agus dá réir sin soláthraítear leis treoraíocht chun go gcomhlíonfaidh siad a ngealltanais dhlíthiúla chun daoine a chosaint ar thoit thánaisteach sna háiteanna oibre laistigh, san iompar poiblí, agus sna háiteanna poiblí laistigh uile. Lena raon feidhme áirítear táirgí tobac traidisiúnta, nithe a measadh a bheith mar an phríomh-shaincheist an tráth sin, agus áiteanna poiblí áirithe, nithe a cumhdaíodh ar bhonn measúnú guaise cás ar chás.

Mar sin féin, ní féidir cuspóir cosantach an Mholta ón gComhairle atá ann anois a bhaint amach go hiomlán faoi láthair toisc nach gcumhdaítear spásanna amuigh faoin aer leis agus de dheasca forbairtí margaidh a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil, mar shampla táirgí tobac téite, toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bíodh siad saor ó nicitín, agus ionadaithe tobac, agus aon táirge eile lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil, ar nithe iad nár cumhdaíodh ar dtús. Dá bhrí sin tá dhá aidhm ag an athbhreithniú atá beartaithe ar an Moladh ón gComhairle, is é sin táirgí atá ag teacht chun cinn a chumhdach mar aon le spásanna amuigh faoin aer. Má dhéantar sin, leis an Moladh tabharfar aghaidh níos fearr ar na rioscaí nochta thánaistigh d'aerasóil ó tháirgí atá ag teacht chun cinn agus ar na rioscaí nochta thánaistigh do thoit agus d'aerasóil i spásanna áirithe amuigh faoin aer. Dá réir sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Moladh maidir leis an dá ghné sin chun go mbainfear amach an cuspóir a bhaineann le daoine, go háirithe leanaí agus daoine óga, san Aontas a chosaint ar bhealach níos fearr ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Moladh athbhreithnithe ón gComhairle tacú go hindíreach le húsáid tobac agus táirgí atá ag teacht chun cinn araon a dhínormálú agus, ar an gcaoi sin, cuidiú le glúin saor ó thobac a bhaint amach.

Mar chuid den athbhreithniú atá beartaithe ar an Moladh ón gComhairle leathnófaí a raon chun táirgí áirithe atá ag teacht chun cinn a chumhdach, mar aon le spásanna áirithe amuigh

[1] Moladh ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le timpeallachtaí saor ó thobac (IO C 296, 5.12.2009, lch. 4).

faoin aer. Is mórspreagthóir le haghaidh an leathnaithe sin é an fás margaidh tapa agus tarraingteacht na dtáirgí atá ag teacht chun cinn, go háirithe i measc daoine óga, ó bhí 2009 ann agus an nochtadh nach beag atá ann faoi láthair do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha i spásanna áirithe amuigh faoin aer. In 2009 ní raibh táirgí tobac téite curtha ar mhargadh an Aontais fós agus ní raibh ach méid beag toitíní leictreonacha ar an margadh sin; dá bhrí sin, níl an Moladh atá ann faoi láthair dírithe ach ar tháirgí tobac traidisiúnta trí thagairt a dhéanamh do 'thoit tobac', rud a fhágann nach gcumhdaítear leis na táirgí uile atá ag teacht chun cinn. Mar sin féin, ó bhí 2009 ann, táirgí atá ag teacht chun cinn amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh atá acu. I measc na bhfreagróirí ar Eorabharaiméadar 2023 i ndáil le dearcthaí na nEorpach maidir le táirgí tobac agus táirgí gaolmhara, is úsáideoirí toitíní leictreonacha iad 3 % díobh faoi láthair i gcomparáid le 2 % in 2020. Gné amháin ar ábhar imní ar leith í maidir le glacadh táirgí atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas, baineann sí lena dtarraingteacht i measc leanaí agus daoine óga; i ndáiríre, 54 % de na daoine a chaitheann tobac anois agus a chaith tobac roimhe seo, thosaigh siad ag caitheamh agus iad faoi bhun 19 mbliana d'aois, agus thosaigh 14 % acu ag caitheamh agus iad faoi bhun 15 bliana d'aois[2].

I bhfianaise sa taighde léirítear go bhféadfadh tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte a bheith ag astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn. Sa tuairim uaidh maidir le toitíní leictreonacha, tháinig an coiste comhairleach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar a dtugtar an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (CERSCRTCC) ar an gconclúid go bhfuil fianaise lag go measartha ann go bhfuil rioscaí damáiste riospráide, chardashoithíoch agus charcanaiginigh ann de dheasca nochtadh tánaisteach d'aerasóil ó thoitíní leictreonacha[3]. Sa tionscadal TackSHS a mhaoinigh an Aontas Eorpach, léiríodh nach beag é fós ualach na toite tánaistí, rinneadh an riosca sláinte agus na costais eacnamaíocha a chainníochtú i gcás roinnt de na Ballstáit agus moladh idirghabhálacha a bhfuil sé d'aidhm acu an nochtadh tánaisteach ar thoit a laghdú agus an t-ualach galair a laghdú i measc leanaí agus daoine fásta[4]. Chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[5,6,7,8] i dtábhacht le déanaí, i measc ábhair imní eile a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn, na héifeachtaí diúltacha ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh d'aerasóil thánaisteacha. Mar shampla, tá fianaise ann maidir le nochtadh d'astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí tobac téite go bhfuil baint aige le mínormaltachtaí riospráide agus cardashoithíocha nach beag i ndaoine a bhíonn ar an láthair[9,10,11,12,13,14]. Ina theannta sin, le

---

2 Eorabharaiméadar Speisialta 539. 2023. *Attitudes of Europeans towards tobacco and related products* [Dearcthaí na nEorpach maidir le táirgí tobac agus táirgí gaolmhara]. ISBN: 978-92-68-07599-9.

3 CERSCRTCC (an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn). *Opinion on electronic cigarettes* [Tuairim maidir le toitíní leictreonacha]. 16 Aibreán 2021.

4 https://www.tackshs.eu/wp-content/uploads/2019/10/TackSHS-leaflet_20191023.pdf

5 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Report on the global tobacco epidemic 2021: addressing new and emerging products.* 2021. ISBN: 978 92 4 003209 5, lch. 30-38.

6 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Report on the global tobacco epidemic 2023: protect people from tobacco smoke.* 2023. ISBN: 978-92-4-007716-4, lgh. 31–32.

7 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Technical note on the call to action on electronic cigarettes.* 2023. lgh. 3–4. https://www.who.int/publications/m/item/technical-note-on-call-to-action-on-electronic-cigarettes

8 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Electronic cigarettes call to action.* 2023. https://www.who.int/publications/m/item/electronic-cigarettes---call-to-action

9 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Heated tobacco products: summary of research and evidence of health impacts.* 2023. lgh. 12–13. https://www.who.int/publications/i/item/9789240042490

10 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: *WHO study group on tobacco product regulation: Report on the scientific basis of tobacco product regulation: eighth report of a WHO study group*. 2021. https://www.who.int/publications/i/item/9789240022720

haerasóil thánaisteacha ó thoitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, nochtar daoine atá ar an láthair do leibhéil inchainníochtaithe d'ábhar cáithníneach, de phríomhshubstaintí tocsaineacha agus de phríomhéilleáin [15,16,17,18,19,20,21]. Chun comhthéacs a thabhairt, measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go ngineann toitíní leictreonacha a bhfuil nicitín iontu andúil agus go bhfuil siad díobhálach don tsláinte[6,7]. Cuireann sí i dtábhacht freisin nach bhfuil aon leibhéal de nochtadh tánaisteach sábháilte ná inghlactha agus gur cheart cur chuige cúramach a ghlacadh[4]. Thairis sin, chun go mbainfí amach leibhéil níos airde cosanta ar thoit thánaisteach agus ar aerasóil thánaisteacha ba cheart reachtaíocht saor ó thobac a bheith cuimsitheach agus ba cheart go gcumhdófaí táirgí atá ag teacht chun cinn lena forálacha[5]. Tá bearta cosanta déanta ag roinnt de na Ballstáit cheana féin, lena n-áirítear caitheamh tobac a thoirmeasc in áiteanna laistigh agus in áiteanna amuigh faoin aer nó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a thoirmeasc in áiteanna poiblí[22].

I bhfianaise an mhéid thuas, agus cé go saothrófar forbairt leanúnach ar an mbonn fianaise atá ann faoi láthair, tá údar cuí le hathbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle chun táirgí atá ag teacht chun cinn a chumhdach, agus is iomchuí an t-athbhreithniú sin chun aghaidh a thabhairt ar an riosca nochta do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha d'fhonn ardleibhéal cosanta le haghaidh na sláinte poiblí a áirithiú. Tá an cur chuige sin ailínithe freisin leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim[23].

Is céim mhór é an leathnú atá beartaithe ar raon feidhme an Mholta i dtreo dínormalú caithimh tobac agus dínormalú úsáide aon táirge eile atá ag teacht chun cinn lena bhféadfaí

---

11 Yoshioka T, Shinozaki T, Hori A, Okawa S, Nakashima K, Tabuchi T. *Association between exposure to secondhand aerosol from heated tobacco products and respiratory symptoms among current non-smokers in Japan: a cross-sectional study. BMJ Open*. 2023;13:e065322. doi: 10.1136/ bmjopen-2022-065322

12 Imura Y, Tabuchi T. *Exposure to secondhand heated-tobacco-product aerosol may cause similar incidence of asthma attack and chest pain to secondhand cigarette exposure: the JASTIS 2019 study. Int J Environ Res Public Health.* 2021;18(4):1766. doi: 10.3390/ijerph18041766

13 Uguna CN, Snape CE. *Should IQOS emissions be considered as smoke and harmful to health? A review of the chemical evidence. ACS Omega.* 2022;7(26):22111–24. doi: 10.1021/ acsomega.2c01527.

14 Auer R, Concha-Lozano N, JacotSadowski I, Cornuz J, Berthet A. *Heat-not-burn tobacco cigarettes: smoke by any other name. JAMA Intern Med.* 2017;177(7):1050–2. doi: 10.1001/ jamainternmed.2017.1419.

15 Fernández E, Ballbè M, Sureda X, Fu M, Saltó E, Martínez-Sánchez JM. *Particulate matter from electronic cigarettes and conventional cigarettes: a systematic review and observational study. Curr Environ Health Rep.* 2015;2(4):423–9. doi: 10.1007/s40572- 015-0072-x.

16 Li L, Lin Y, Xia T, Zhu Y. *Effects of electronic cigarettes on indoor air quality and health. Annu Rev Public Health.* 2020;41(1):363–80. doi: 10.1146/ annurev-publhealth-040119-094043.

17 Hess I, Lachireddy K, Capon A. *A systematic review of the health risks from passive exposure to electronic cigarette vapour. Public Health Research & Practice.* 2016;26(2).

18 Borgini A, Veronese C, De Marco C, Boffi R, Tittarelli A, Bertoldi M et al. *Particulate matter in aerosols produced by two last generation electronic cigarettes: a comparison in a real-world environment. Pulmonology*. 2021.

19 *Exposure to aerosols from smoking-proxy electronic inhaling systems: a systematic review.* Barcelona: Aonad Rialaithe Tobac, Institut Català d'Oncologia; 2016.

20 Lerner CA, Sundar IK, Yao H, Gerloff J, Ossip DJ, McIntosh S et al. *Vapors produced by electronic cigarettes and e-juices with flavorings induce toxicity, oxidative stress, and inflammatory response in lung epithelial cells and in mouse lung*. *PLoS One.* 2015;10(2):e0116732

21 Glantz, S.A., Nguyen, N., & Oliveira da Silva, A.L. (2024). *Population-Based Disease Odds for E-Cigarettes and Dual Use versus Cigarettes. NEJM Evidence*, 3(3). DOI: 10.1056/EVIDoa2300229.

22 I measc na samplaí de Bhallstáit a bhfuil bearta cosanta déanta acu cheana féin tá an Spáinn, an Laitvia agus an tSualainn (Doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle maidir le Timpeallachtaí Saor ó Thoit agus ó Aerasóil lena n-ionadaítear Moladh 2009/C 296/02 ón gComhairle).

23 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar dteideal *Communication from the Commission on the precautionary principle* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim] (COM/2000/0001 final).

aithris a dhéanamh ar chaitheamh tobac, rud atá ina ghné ríthábhachtach chun glúin saor ó thobac a bhaint amach san Aontas faoi 2040. Tá tábhacht faoi leith leis an leathnú sin ar raon feidhme an Mholta ós rud é go bhféadfadh úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn, go háirithe úsáid táirgí a bhfuil nicitín iontu agus go sonrach a n-úsáid i measc daoine óga, ina thúsphointe le haghaidh úsáid táirgí tobac indóite traidisiúnta ina dhiaidh sin. Is féidir gurb é a bhíonn mar thoradh air sin 'dé-úsáid' ina dtomhlaíonn úsáideoirí táirgí tobac traidisiúnta agus táirgí atá ag teacht chun cinn araon an tráth céanna agus ina n-athraíonn siad go minic idir an dá cheann de réir na háite a bhfuil rialacha saor ó thobac i bhfeidhm[24,25,26,27,28].

Maidir leis na spásanna amuigh faoin aer nach gcumhdaítear go sainráite leis an Moladh seo, tá nochtadh nach beag ann faoi láthair do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha in áiteanna amhail na spásanna amuigh faoin aer d'ionaid fáilteachais agus i spásanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n-úsáid ag leanaí agus déagóirí. Go deimhin, deir 74 % de fhreagróirí an Eorabharaiméadair go bhfuil taithí acu ar dhaoine a bheith ag caitheamh tobac i léibhinn amuigh faoin aer le 6 mhí anuas agus deir 71 % de na freagróirí go bhfuil taithí acu ar thoitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite a bheith in úsáid ag daoine sna háiteanna céanna. Deir 42 % de na freagróirí go raibh daoine ag caitheamh tobac in áiteanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n-úsáid ag leanaí agus déagóirí agus deir 49 % de na freagróirí go raibh taithí acu ar úsáid a bheith á baint ag daoine as toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite sna háiteanna céanna[2]. An togra chun raon an Mholta ón gComhairle atá ann faoi láthair a leathnú chun spásanna amuigh faoin aer sonracha a chumhdach, is é is aidhm dó daoine a chosaint ar bhealach níos fearr, go háirithe leanaí agus daoine óga, ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha.

Gníomhaíochtaí tacúla ón gCoimisiún

Sa Mholadh ón gComhairle atá beartaithe, tá moltaí do na Ballstáit chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí ó nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha i spásanna áirithe amuigh faoin aer. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith beart a dhéanamh chun tacú le tíortha agus na moltaí á gcur chun feidhme acu.

Ar dtús, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún comhar idir na Ballstáit a spreagadh agus/nó a dhaingniú maidir le malartú dea-chleachtas i ndáil le beartais, cláir agus straitéisí cuimsitheacha saor ó thobac agus ó aerasóil a neartú agus/nó a fhorbairt, agus tacú le cuir chuige uaillmhianacha agus éifeachtúla a dhearadh agus a phíolótú i dtreo timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil a bhaint amach. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tacaíocht a sholáthar, trí na cláir, na fóraim plé agus na huirlisí comhair de chuid an Aontais atá ann cheana, chun go gcuirfidh na Ballstáit an Moladh chun feidhme agus chun go bhforfheidhmeofar beart rialaithe tobac agus nicitín.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin tacú le tobac agus nicitín a rialú, agus le handúil a chosc, trí thaighde a chur chun cinn a thuilleadh. Beartaítear na hiarrachtaí taighde sin chun

---

24 Eorabharaiméadar Speisialta 506. 2021. *Attitudes of Europeans towards tobacco and electronic cigarettes* [Dearcthaí na nEorpach maidir le tobac agus toitíní leictreonacha]. ISBN: 978-92-76-27171-0, lch. 10.

25 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Report on the global tobacco epidemic 2021: addressing new and emerging products.* 2021. ISBN: 978 92 4 003209 5, lch. 36.

26 Kalkhoran S, Glantz SA. *E-cigarettes and smoking cessation in real-world and clinical settings: a systematic review and meta-analysis. Lancet Respiratory Medicine*. 2016;4(2):116–28.

27 Felicione NJ, Ozga-Hess JE, Ferguson SG, Dino G, Kuhn S, Haliwa I et al. *Cigarette smokers' concurrent use of smokeless tobacco: dual use patterns and nicotine exposure. Tobacco Control*. 2021;30(1):24–29.

28 Wang JB, Olgin JE, Nah G, Vittinghoff E, Cataldo JK, Pletcher MJ et al. *Cigarette and e-cigarette dual use and risk of cardiopulmonary symptoms in the Health eHeart Study. PLoS One.* 2018;13(7):e0198681.

go gcuimseofar táirgí atá ag teacht chun cinn lena n-astaítear toit nó aerasóil, lena n-áirítear táirgí tobac téite, toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bíodh siad saor ó nicitín, agus ionadaithe tobac lena n-astaítear toit nó aerasóil[29], agus aon táirge eile lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil, agus táirgí lena scaoiltear nicitín, agus táirgí atá cosúil le húsáid táirgí lena scaoiltear nicitín. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin comhar idirnáisiúnta a neartú, lena n-áirítear maidir le taighde, i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear leis an Moladh seo.

Ar deireadh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith straitéisí um chosc a fhorbairt lena dtacaítear le sláinte leanaí agus daoine óga a chosaint ar bhealach níos fearr sna blianta is leochailí agus is foirmithí dá mbeatha, lena n-áirítear béim ar chosc le caitheamh tobac agus andúil i nicitín, agus aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir an tsláinte mheabhrach agus fhisiceach agus príomhthosca sláinte.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na gníomhaíochtaí tacúla uile a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhlántach le Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE[30]. Leis an Treoir sin leagtar síos rialacha le haghaidh táirgí tobac agus táirgí gaolmhara ar mhargadh an Aontais. Soláthraítear léi creat rialála le haghaidh, i measc nithe eile, táirgí tobac téite agus toitíní leictreonacha. Tá sé d'aidhm ag an Treoir feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí tobac agus táirgí gaolmhara, agus ardleibhéal cosanta sláinte á áirithiú le haghaidh daoine san Aontas.

Leis an togra seo cuideofar freisin leis na cuspóirí a bhaineann le tobac de chuid Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, go háirithe an cuspóir a bhaineann le glúin saor ó thobac a bhaint amach. Agus é ag obair i ndlúthshineirge leis an bPlean, tacaíonn Misean an Aontais um Ailse[31] leis an gcuspóir sin trí fhianaise nua a ghiniúint maidir le cosc agus maidir le hathruithe iompraíochta, rud lena gcothófar an taighde ar thobac a fhaigheann tacaíocht trí na cláir Fís 2020 agus Fís Eorpach[32].

Tá an togra seo comhlántach le tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha 'Healthier Together' arb é is aidhm dó dul i ngleic le tosca riosca is coiteann d'ailse agus galair neamhtheagmhálacha eile, lena n-áirítear úsáid tobac. I measc nithe eile, leis an togra seo déileáiltear le tosca sláinte. Trí bhearta éagsúla faoin gclár EU4Health, soláthraítear leis cistiú ón Aontas le haghaidh bearta maidir le tosca sláinte a bhfuil sé d'aidhm acu aghaidh a thabhairt ar thosca riosca a bhaineann le galair neamhtheagmhálacha éagsúla agus idirghabhálacha a fhorbairt maidir le príomhthéamaí cothrománacha amhail rialú tobac.

---

29 I gcomhthéacs an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle, is éard is ionadaithe tobac ann táirgí nach táirgí tobac iad lena n-astaítear toit nó aerasóil agus is féidir a úsáid an tráth céanna agus táirgí tobac nó lenar féidir aithris a dhéanamh ar úsáid táirgí tobac.

30 IO L 127, 29.4.2014, lch. 1.

31 https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe/eu-missions-horizon-europe/eu-mission-cancer_ga

32 Faoi na cláir Fís 2020 agus Fís Eorpach, maoiníodh níos mó ná 55 thionscadal a bhain le taighde ar thobac, le buiséad iomlán de thart ar EUR 110 milliún..

Tá an togra seo comhlántach leis na bearta domhanda maidir le rialú tobac, ach tá raon feidhme níos leithne aige ná iad, ar bearta iad a leagtar síos i gCreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac (FCTC), ar conradh idirnáisiúnta é, ar Páirtithe ann an tAontas agus a Bhallstáit, a bhfuil sé de phríomhchuspóir aige comhar idirnáisiúnta a chothú chun teacht ar fhreagairt éifeachtach, iomchuí agus chuimsitheach ar leathadh na heipidéime tobac domhanda. Go sonrach, tá an t-athbhreithniú seo comhlántach le hAirteagal 8 de FCTC lena ndéileáiltear le cosaint ar nochtadh do thoit tobac.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú[33] lena ndéantar, faoin gComhaontú Glas don Eoraip, an cuspóir a leagan amach maidir le laghdú a dhéanamh, faoi 2050, ar thruailliú aeir, uisce agus ithreach chuig leibhéil nach bhfuil díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine ná éiceachórais nádúrtha agus lena n-urramaítear na teorainneacha ar féidir lenár bpláinéad déileáil leo, agus timpeallacht saor ó thocsainí á cruthú dá réir sin. An t-athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar comhshaoil dearfach aige trí laghdú a dhéanamh ar thoit agus aerasóil a eascraíonn ó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn, agus trí laghdú a dhéanamh ar dhramhaíl agus caitheamh bruscair ó dhiúscairt bunanna toitín, scagairí plaisteacha agus feistí, go háirithe feistí indiúscartha, a úsáidtear in éineacht le táirgí atá ag teacht chun cinn. Ina theannta sin, is féidir le caitheamh táirgí tobac traidisiúnta agus táirgí atá ag teacht chun cinn a bheith ina ghuais dóiteáin agus sábháilteachta comhshaoil.

Tá an togra seo i gcomhréir freisin le straitéis an Aontais um chearta an linbh[34], lena gcuirtear i dtábhacht nach mór don Aontas agus do na Ballstáit cearta leanaí a urramú, a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh. I gceann dá réimsí téamacha na straitéise tagraítear don cheart chun dea-bheatha, oideachais agus sláinte le haghaidh na leanaí uile san Aontas. An t-athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle maidir le timpeallachtaí saor ó thobac, tá sé d'aidhm aige go háirithe leanaí agus daoine óga a chosaint ar an nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 168(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar dá réir a fhéadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí a ghlacadh chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 168, rud a bhaineann le cosaint na sláinte poiblí. Tá sé de phríomhchuspóir ag an togra seo daoine san Aontas a chosaint ar bhealach níos fearr, go háirithe leanaí agus daoine óga, ó nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha. An togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle, féadfaidh é a ghlacadh dá réir sin faoi Airteagal 168(6) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leis an togra seo cuideofar leis na leibhéil chosanta do shláinte an duine ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha a mhéadú idir na Ballstáit agus laistigh

---

33 *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách - Plean Gníomhaíochta an Aontais: 'Um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'] (COM/2021/400 final).

34 Straitéis an Aontais um chearta an linbh (COM/2021/142 final)

dóibh araon. Le gníomhaíocht ón Aontas lena gcomhlánófaí beartais náisiúnta, thabharfaí breisluach soiléir d'iarrachtaí náisiúnta trí mholtaí a sholáthar do na Ballstáit sin nach bhfuil reachtaíocht chuimsitheach saor ó thobac curtha chun feidhme acu fós chun déanamh amhlaidh. Leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe urramaítear an fhreagracht atá ar na Ballstáit maidir lena mbeartas sláinte a shainiú.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 168(6) CFAE cuirtear san áireamh gurb amhlaidh maidir le gníomhaíocht an Aontais, lena gcomhlánófar beartais náisiúnta, mar a leagtar amach in Airteagal 168(1) CFAE, go bhféachfar leis feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí. Is é is cuspóir don togra seo daoine san Aontas a chosaint ar bhealach níos fearr ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha, agus béim á leagan ar tháirgí atá ag teacht chun cinn agus ar spásanna sonracha amuigh faoin aer a chumhdach ina raon feidhme. Tá an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Moladh ón gComhairle atá ann faoi láthair[1] oiriúnach chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach toisc go dtiocfadh sochair sláinte dhearfacha mhéadaithe as sin. Ina theannta sin, sáraítear na tionchair eacnamaíocha leis na sochair sláinte poiblí agus leis an gcoigilteas a bhfuil coinne leis ó thaobh na gcóras cúraim sláinte agus ó thaobh na gcostas comhshaoil laghdaithe de.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim bheartais le haghaidh an athbhreithnithe seo, togra le haghaidh Moladh ón gComhairle, tá sí gan athrú fós agus urramaítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta go hiomlán léi i réimse na sláinte poiblí. Is ionstraim neamhcheangailteach í lena gceadaítear do na Ballstáit a gcuir chuige a oiriúnú dá riachtanais náisiúnta.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST* , AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ionchur agus aiseolas le haghaidh an tionscnaimh seo, bailíodh iad trí ghlao ar fhianaise[35] agus trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe éagsúla (suirbhéanna spriocdhírithe, agallaimh spriocdhírithe agus grúpaí fócais). Chuathas i gcomhairle leis na grúpaí páirtithe leasmhara seo a leanas: 1) ionadaithe ó údaráis inniúla na mBallstát; 2) eagraíochtaí sochaí sibhialta; 3) ionadaithe ó thionscal na dtáirgí tobac agus na dtáirgí gaolmhara; 4) ionadaithe ón earnáil HORECA; 5) páirtithe leasmhara ábhartha eile, amhail iad sin i gcomhlachais oideachais agus spórt. Bailíodh ionchur maidir leis na hathbhreithnithe freisin trí chruinniú den Ghrúpa Saineolaithe um Beartas Tobac an 3 Bealtaine 2023. Ar deireadh, fuarthas aiseolas i scríbhinn maidir leis na hathbhreithnithe beartaithe ar an Moladh ón nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Rialú Tobac (JATC-2).

[35] Cloisimis uait! Moladh a tugadh cothrom le dáta maidir le timpeallachtaí saor ó thobac. Glao ar fhianaise. An 22 Meitheamh 2022 - an 20 Iúil 2022.

Bhí an glao ar fhianaise ar oscailt le haghaidh ionchuir ón 22 Meitheamh go dtí an 20 Iúil 2022 agus spreagadh 207 bhfreagairt leis[36]. I gcás fhormhór na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, na n-institiúidí acadúla/taighde agus na n-ionadaithe ó údaráis náisiúnta inniúla, thacaigh siad den chuid is mó leis na nithe i Moladh 2009 a bhfuil sé beartaithe iad a thabhairt cothrom le dáta. Baineann cuid de na pointí a cuireadh i dtábhacht leis an tábhacht a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn a chur leis (lena n-áirítear táirgí saor ó nicitín) agus an tionchar dearfach a bheadh ag an Moladh arna tabhairt cothrom le dáta chun dul i ngleic leis an tóir mhéadaitheach atá ar tháirgí atá ag teacht chun cinn, leis an bhfógraíocht lena n-aghaidh agus le húsáid na dtáirgí sin, go háirithe i measc leanaí agus daoine óga. Thairis sin, an tábhacht a bhaineann le comhchuibhiú na ndlíthe saor ó thobac agus ó aerasóil a áirithiú ar fud na mBallstát, cuireadh i dtábhacht í freisin. San aiseolas a fuarthas ó ghnólachtaí, cuirtear in aghaidh, den chuid is mó, aon ní den Mholadh atá á thabhairt cothrom le dáta.

Le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe, chuir formhór na n-ionadaithe ó údaráis náisiúnta inniúla i dtábhacht go mbeadh na leasuithe atá beartaithe ar an Moladh ina gcuidiú chun an pobal a chosaint ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha. Thug siad faoi deara go mbeadh éifeacht dhearfach aige ó thaobh rialacha saor ó thobac a chomhchuibhiú laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát agus gur bheag an tionchar eacnamaíoch agus an t-ualach riaracháin a thiocfadh as sin agus gur threise na sochair sláinte ná iad. Cuireadh i dtábhacht dúshláin forfheidhmiúcháin agus chomhlíontachta fhéideartha.

Formhór na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a ndeachthas i gcomhairle leo, chomhaontaigh siad maidir leis an leathnú atá beartaithe chun táirgí atá ag teacht chun cinn agus spásanna amuigh faoin aer a chumhdach gur thionchar dearfach a bheadh aige sin ar nochtadh do thoit thánaisteach nó d'aerasóil thánaisteacha a laghdú agus go mbeadh an méid sin ina chuidiú dá réir sin chun daoine a chosaint, go háirithe leanaí, déagóirí agus daoine níos leochailí eile, mar shampla saoránaigh a bhfuil galair ainsealacha orthu nó a bhfuil riochtaí eile orthu cheana féin, nó mná torracha. Thug siad faoi deara freisin go gcuideofaí le caitheamh tobac agus úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a dhínormalú ach an Moladh a athbhreithniú. Leag roinnt eagraíochtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le féachaint chuige go mbeidh an Moladh athbhreithnithe slán i bhfad na haimsire in aghaidh forbairtí agus treochtaí féideartha i dtáirgí tobac atá ag teacht chun cinn. Thagair eagraíochtaí éagsúla freisin do shochair chomhshaoil i bhfianaise ábhar imní nach beag maidir leis na tionchair chomhshaoil dhiúltacha atá ag caitheamh tobac agus táirgí atá ag teacht chun cinn a úsáid, amhail bunanna toitín a aischuirtear mar bhruscar, 'galtoitíní' indiúscartha/aon úsáide agus ceallraí aischurtha. Ar deireadh, shíl formhór na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta gur dúshláin don athbhreithniú iad an cur isteach agus brústocaireacht, forfheidhmiú agus comhlíontacht ón tionscal.

Ionadaithe ó thionscal na dtáirgí tobac agus na dtáirgí gaolmhara a ndeachthas i gcomhairle leo, is amhlaidh, den chuid is mó, a bhí siad in aghaidh athruithe ar an Moladh maidir le cumhdach táirgí atá ag teacht chun cinn agus spásanna amuigh faoin aer. Chuir siad i dtábhacht nár cheart táirgí atá ag teacht chun cinn a bheith faoi réir an leibhéil chéanna srianta le táirgí tobac indóite traidisiúnta i gcomhthéacs rialacha saor ó thobac. Mar sin féin, chomhaontaigh ionadaithe áirithe ó thionscal an tobac freisin go mb'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú na rialacha a leathnú chun spásanna amuigh faoin aer ina bhfuil leanaí agus

[36] Fuarthas freagraí ó shaoránaigh an Aontais (101), gnólachtaí, eagraíochtaí tomhaltóirí agus trádála (47), eagraíochtaí neamhrialtasacha (28), institiúidí acadúla/taighde (6) agus údaráis phoiblí na mBallstát (4).

déagóirí i láthair a chumhdach chun iad a chosaint ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha.

Bhí tuairimí éagsúla ag ionadaithe ón earnáil HORECA. Thacaigh cuid acu go mór leis na leasuithe atá beartaithe maidir le raon feidhme na dtáirgí agus na spásanna araon; thug siad faoi deara go mbeadh éifeacht dhearfach aige sin ar shláinte fostaithe san earnáil ós rud é go mbeadh sé ina chuidiú chun iad a chosaint ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha. Chuir ionadaithe eile leibhéal áirithe amhrais in iúl maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Moladh, go háirithe maidir leis an mbeart lena n-áireofar na spásanna amuigh faoin aer de chuid bunaíochtaí fáilteachais. Go háirithe, chuir ionadaithe ó ghnólachtaí HORECA i dtábhacht a n-ábhair imní maidir le custaiméirí a chailleadh, an faitíos a bhí orthu go mb'fhéidir go mbeadh orthu acmhainní a chaitheamh ar choigeartú do bhearta nua agus, i gcás thionscal na n-óstán, go bhféadfadh a gcustaiméirí athrú chuig earnáil an lóistín ar chíos gearrthéarmach, rud as a dtiocfadh iomaíocht ghnó éagórach. Níor soláthraíodh aon fhaisnéis chainníochtúil ná measchán fíorasach chun tacú leis na tionchair eacnamaíocha dhiúltacha a luadh. Os a choinne sin, mheas ionadaithe ó fhostaithe san earnáil HORECA go mbeadh an tionchar eacnamaíoch neodrach agus diomaibhseach.

Luaigh ionadaithe ó thionscal an tobac go n-ísleofaí leis an tionscnamh an t-éileamh ar tháirgí tobac traidisiúnta agus táirgí atá ag teacht chun cinn araon amhail toitíní leictreonacha, rud a mbeadh drochthionchar aige freisin ar an bhfostaíocht i dtionscal na dtáirgí tobac agus na dtáirgí atá ag teacht chun cinn.

Thacaigh an Grúpa Saineolaithe um Beartas Tobac agus an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Rialú Tobac (JATC-2) le cuimsiú táirgí atá ag teacht chun cinn agus spásanna amuigh faoin aer.

Ionchur, moltaí agus teistiméireachtaí ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara eile, rinneadh anailís orthu agus cuireadh san áireamh iad a mhéid is féidir agus i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch ábhartha a bhí ar fáil. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo tugtar tuairisc ar thorthaí mionsonraithe na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin uile agus conas a cuireadh san áireamh iad..

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Mar a luaitear thuas, chun tacú leis an Moladh seo, eagraíodh gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla lena spriocdhírítear ar ghrúpaí páirtithe leasmhara ábhartha chun tuairimí agus fianaise a bhailiú.

- **Measúnú tionchair**

Níor measadh go raibh gá le measúnú tionchair ós rud é gur moladh neamhcheangailteach é an tionscnamh atá beartaithe ó thaobh na mBallstát de agus go bhfágtar spás leis le haghaidh cuir chuige náisiúnta éagsúla. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo an Moladh 2009 a bhí ann roimhe seo a thabhairt cothrom le dáta mar fhreagairt ar fhorbairtí teicneolaíocha ó bhí 2009 ann maidir le táirgí atá ag teacht chun cinn agus chun cur chuige cás ar chás a sheachaint agus rialacha saor ó thobac á gcur i bhfeidhm maidir le spásanna poiblí. Le staidéar 2021[37] maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus fógraíocht táirgí tobac agus táirgí gaolmhara léiríodh go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar dearfach ar an

[37] An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia. *Study on smoke-free environments and advertising of tobacco and related products* [Staidéar maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus fógraíocht táirgí tobac agus táirgí gaolmhara]. 2021. ISBN: 978-92-76-42343-0.

tsláinte agus tionchar sóisialta dearfach ag an athbhreithniú agus go bhfuil méid na dtionchar eacnamaíoch diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar oibreoirí eacnamaíocha teoranta agus/nó beag. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo cuirtear i láthair an fhianaise thacaíochta agus na conclúidí ón staidéar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

  N/B.

- **Cearta bunúsacha**

  […]

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

N/B

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

  Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn a dhéantar agus an Moladh seo á chur chun feidhme, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit, laistigh de 5 bliana tar éis a ghlactha.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

  N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

  N/B

2024/0230 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil lena n-ionadaítear Moladh (AE) 2009/C 296/02 ón gComhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 168(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, nochtadh do thoit thánaisteach ó thobac is foinse fhorleathan de mhortlaíocht, galracht agus míchumas é san Aontas. Baineann an nochtadh le caitheamh tobac, rud atá fós ina phríomhchúis le hailsí inchoiscthe agus 27 % de na hailsí uile a chuirtear i leith úsáid tobac.

(2) Tá úsáid tobac forleathan fós go domhanda agus ar fud an Aontais. In 2023, meastar gur caiteoirí tobac iad 24 % de dhaonra an Aontais[1].

(3) In 2012 ba é US $ 1.4 trilliún an costas eacnamaíoch bliantúil domhanda measta ar chaitheamh tobac, figiúr atá coibhéiseach le 1,8 % den olltáirgeacht intíre (OTI) domhanda. San Aontas, in 2009 cheana féin, ba é €544 billiún costas an chaithimh tobac, ar fiú thart ar 4,6 % de OTI iomlán Bhallstáit an Aontais é[2].

(4) Is iomchuí cuidiú le laghdú an leibhéil caithimh tobac san Aontas, i gcomhréir le cuspóir Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa[3] chun glúin saor ó thobac a bhaint amach inarb amhlaidh nach n-úsáidfidh ach 5 % de dhaonra an Aontais táirgí tobac i gcomparáid le 24 % an lae inniu.

(5) Maidir le Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC), forbraíodh é agus é d'aidhm aige freagairt idirnáisiúnta éifeachtach agus chuimsitheach a chothú ar leathadh na heipidéime tobac domhanda. Le hAirteagal 8 de FCTC ceanglaítear ar a pháirtithe cosaint éifeachtach a sholáthar ar thoit thánaisteach ó thobac in áiteanna oibre, san iompar poiblí agus in áiteanna laistigh; is é is aidhm do na treoirlínte atá i gceangal leis seo cúnamh a thabhairt do pháirtithe lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 8 de FCTC.

(6) Sa Straitéis Eorpach maidir le Rialú Tobac arna glacadh ag Coiste Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip i mí Mheán Fómhair 2002, moladh go ndéanfadh Ballstáit EDS ceart na saoránach chun timpeallacht saor ó thoit a áirithiú trí, *inter alia*, áiteanna poiblí, áiteanna oibre agus iompar poiblí a dhéanamh saor ó

---

1 Eorabharaiméadar Speisialta 539. 2023. *Attitudes of Europeans towards tobacco and related products* [Dearcthaí na nEorpach maidir le táirgí tobac agus táirgí gaolmhara]. ISBN: 978-92-68-07599-9.

2 *Health Promotion (who.int), Tobac agus Caitheamh Tobac* | Eolas le haghaidh beartas (europa.eu)

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, COM/2021/44 final.

thobac, toirmeasc a chur ar chaitheamh tobac i ngach institiúid oideachais le haghaidh mionaoiseach, i ngach áit ina sholáthraítear cúram sláinte agus ag imeachtaí poiblí, agus toit thimpeallach ó thobac a aicmiú mar charcanaigin[4].

(7) D'fhéadfadh tionchair dhíobhálacha ar an tsláinte a bheith ag astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn. Cuireann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i dtábhacht gurb amhlaidh leis na hastaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn gur féidir daoine a nochtadh do leibhéil d'ábhar cáithníneach agus de phríomhshubstaintí tocsaineacha a d'fhéadfadh a bheith díobhálach.

(8) Chuir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[5],[6],[7], i dtábhacht, i measc saincheisteanna eile a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn, na héifeachtaí diúltacha ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh d'aerasóil thánaisteacha. Mar shampla, tá fianaise ann le déanaí maidir le nochtadh d'astaíochtaí tánaisteacha ó tháirgí tobac téite go raibh baint aige le mínormaltachtaí riospráide agus cardashoithíocha nach beag i ndaoine a bhíodh ar an láthair[8,9,10,11,12,13]. Ina theannta sin, le haerasóil thánaisteacha ó thoitíní leictreonacha, lena n-áirítear toitíní leictreonacha a bhfuil nicitín iontu agus toitíní leictreonacha atá saor ó nicitín, nochtar daoine atá ar an láthair do leibhéil inchainníochtaithe d'ábhar cáithníneach, de phríomhshubstaintí tocsaineacha agus de phríomhéilleáin [14,15,16,17,18,19,20].

---

4 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. 2002. *European Strategy for Tobacco Control*. https://iris.who.int/handle/10665/107455

5 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Report on the global tobacco epidemic 2023: protect people from tobacco smoke.* 2023. ISBN: 978-92-4-007716-4, lgh. 31–32.

6 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Technical note on the call to action on electronic cigarettes.* 2023. lgh. 3–4. https://www.who.int/publications/m/item/technical-note-on-call-to-action-on-electronic-cigarettes

7 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Electronic cigarettes call to action.* 2023. https://www.who.int/publications/m/item/electronic-cigarettes---call-to-action

8 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. *Heated tobacco products: summary of research and evidence of health impacts*. 2023. lgh. 12–13. https://www.who.int/publications/i/item/9789240042490

9 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte: *WHO study group on tobacco product regulation: Report on the scientific basis of tobacco product regulation: eighth report of a WHO study group*. 2021. https://www.who.int/publications/i/item/9789240022720

10 Yoshioka T, Shinozaki T, Hori A, Okawa S, Nakashima K, Tabuchi T. *Association between exposure to secondhand aerosol from heated tobacco products and respiratory symptoms among current non-smokers in Japan: a cross-sectional study. BMJ Open*. 2023;13:e065322. doi: 10.1136/ bmjopen-2022-065322

11 Imura Y, Tabuchi T. *Exposure to secondhand heated-tobacco-product aerosol may cause similar incidence of asthma attack and chest pain to secondhand cigarette exposure: the JASTIS 2019 study. Int J Environ Res Public Health.* 2021;18(4):1766. doi: 10.3390/ijerph18041766

12 Uguna CN, Snape CE. *Should IQOS emissions be considered as smoke and harmful to health? A review of the chemical evidence. ACS Omega*. 2022;7(26):22111–24. doi: 10.1021/ acsomega.2c01527.

13 Auer R, Concha-Lozano N, JacotSadowski I, Cornuz J, Berthet A. *Heat-not-burn tobacco cigarettes: smoke by any other name. JAMA Intern Med.* 2017;177(7):1050–2. doi: 10.1001/ jamainternmed.2017.1419.

14 Fernández E, Ballbè M, Sureda X, Fu M, Saltó E, Martínez-Sánchez JM. *Particulate matter from electronic cigarettes and conventional cigarettes: a systematic review and observational study. Curr Environ Health Rep.* 2015;2(4):423–9. doi: 10.1007/s40572- 015-0072-x.

15 Li L, Lin Y, Xia T, Zhu Y. *Effects of electronic cigarettes on indoor air quality and health. Annu Rev Public Health.* 2020;41(1):363–80. doi: 10.1146/ annurev-publhealth-040119-094043.

16 Hess I, Lachireddy K, Capon A. *A systematic review of the health risks from passive exposure to electronic cigarette vapour. Public Health Research & Practice.* 2016;26(2).

(9) Measann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte nach bhfuil aon leibhéal de nochtadh tánaisteach sábháilte ná inghlactha[4]; dá réir sin, ba cheart cur chuige cúramach a ghlacadh. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go gcuirfí bearta rialaithe tobac i bhfeidhm maidir le toitíní leictreonacha, lena n-áirítear bearta cosanta ar nochtadh[21, 4,5].

(10) Sa tuairim 2021 uaidh maidir le toitíní leictreonacha[22], tháinig an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn (CERSCRTCC) ar an gconclúid go bhfuil fianaise lag go measartha ann go bhfuil rioscaí damáiste riospráide, chardashoithíoch agus charcanaiginigh ann de dheasca nochtadh tánaisteach d'aerasóil ó thoitíní leictreonacha.

(11) Timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil, is cur chuige iad atá aitheanta agus cruthaithe go domhanda ó thaobh sláinte daoine a chosaint go leordhóthanach ar na héifeachtaí atá ag toit thánaisteach ó thobac agus ag aerasóil thánaisteacha.

(12) Le blianta beaga anuas, comhdhlúthaíodh an sciar den mhargadh atá ag táirgí atá ag teacht chun cinn amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite agus tá méadú ag teacht ar a nglacadh. Ar bhonn shonraí Eorabharaiméadair, tá leitheadúlacht úsáide toitíní leictreonacha ar fud an Aontais cothrom le 3 % agus tá leitheadúlacht úsáide táirgí tobac téite cothrom le 2 %.

(13) Forbairtí sa mhargadh maidir le táirgí atá ag teacht chun cinn, amhail toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite, is saincheist is ábhar imní sonrach í an glacadh agus tarraingteacht atá ag na nithe sin i measc leanaí agus daoine óga go háirithe.

(14) Nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteach, d'fhéadfadh sé sin a bheith an-chontúirteach do leanaí agus déagóirí agus leis sin d'fhéadfaí an dóchúlacht go nglacfaidís nósanna caite tobac a mhéadú [4,5,6].

(15) In 2023, i gcás 54 % de dhaoine a chaitheann tobac anois agus a chaith tobac roimhe sin, meastar gur thosaigh siad ag caitheamh go tráthrialta agus iad faoi bhun 19 mbliana d'aois; tosaíonn 14 % díobh agus iad faoi bhun 15 bliana d'aois, le linn na hóige[1].

(16) Úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a bhfuil nicitín iontu, go háirithe an úsáid a bhaineann daoine óga astu, tá baint aici le handúil agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh an

---

17 Borgini A, Veronese C, De Marco C, Boffi R, Tittarelli A, Bertoldi M et al. *Particulate matter in aerosols produced by two last generation electronic cigarettes: a comparison in a real-world environment. Pulmonology*. 2021.

18 *Exposure to aerosols from smoking-proxy electronic inhaling systems: a systematic review*. Barcelona: Aonad Rialaithe Tobac, Institut Català d'Oncologia; 2016.

19 Lerner CA, Sundar IK, Yao H, Gerloff J, Ossip DJ, McIntosh S et al. *Vapors produced by electronic cigarettes and e-juices with flavorings induce toxicity, oxidative stress, and inflammatory response in lung epithelial cells and in mouse lung*. *PLoS One*. 2015;10(2):e0116732

20 Glantz, S.A., Nguyen, N., & Oliveira da Silva, A.L. (2024). *Population-Based Disease Odds for E-Cigarettes and Dual Use versus Cigarettes. NEJM Evidence*, 3(3). DOI: 10.1056/EVIDoa2300229.

21 *Applying tobacco control measures to e-cigarettes, including the supply and demand reduction measures of the WHO FCTC* (lch. 3, https://cdn.who.int/media/docs/default-source/tobacco-hq/regulating-tobacco-products/ends-call-to-action.pdf?sfvrsn=ea4c4fdb_12&download=true , ina dtagraítear don Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac (lch. 8, https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/42811/9241591013.pdf?sequence=1).

22 CERSCRTCC (an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag teacht chun cinn). *Opinion on electronic cigarettes* [Tuairim maidir le toitíní leictreonacha]. 16 Aibreán 2021.

úsáid sin chun bheith ina túsphointe le haghaidh úsáid táirgí tobac traidisiúnta níos déanaí[4].

(17) Tá sé tábhachtach ní hamháin na forbairtí sa mhargadh agus na forbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí agus a bhaineann le táirgí atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh, ach tá sé tábhachtach freisin comhordú níos fearr a dhéanamh ar na creata náisiúnta rialála saor ó thobac agus aerasóil agus féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir.

(18) Faoi láthair, an nochtadh tánaisteach do thoit agus d'aerasóil in áiteanna amhail na spásanna amuigh faoin aer d'ionaid fáilteachais agus spásanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n-úsáid ag leanaí agus déagóirí, is mór an méid é. Ar bhonn shonraí Eorabharaiméadar 2023, deir 74 % de fhreagróirí an Eorabharaiméadair go bhfuil taithí acu ar dhaoine a bheith ag caitheamh tobac i léibhinn amuigh faoin aer le 6 mhí anuas agus deir 71 % de na freagróirí go bhfuil taithí acu ar thoitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite a bheith in úsáid ag daoine sna háiteanna céanna. Deir 42 % de na freagróirí go raibh daoine ag caitheamh tobac in áiteanna amuigh faoin aer a bheartaítear lena n-úsáid ag leanaí agus déagóirí agus deir 49 % de na freagróirí go raibh taithí acu ar úsáid a bheith á baint ag daoine as toitíní leictreonacha agus táirgí tobac téite sna háiteanna céanna[1].

(19) Tá bearta cosanta déanta ag roinnt de na Ballstáit, lena n-áirítear caitheamh tobac a thoirmeasc in áiteanna laistigh agus in áiteanna amuigh faoin aer nó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn a thoirmeasc in áiteanna poiblí[23,24].

(20) Dá bhrí sin is iomchuí raon feidhme an Mholta a leathnú chun spásanna sonracha amuigh faoin aer a chumhdach chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine san Aontas, go háirithe leanaí, daoine óga agus daoine leochaileacha, mar shampla saoránaigh a bhfuil galair ainsealacha orthu nó a bhfuil riochtaí eile orthu cheana féin, nó mná torracha ar nochtadh do thoit thánaisteach nó d'aerasóil thánaisteacha ó tháirgí atá ag teacht chun cinn, mar shampla táirgí tobac téite, toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bíodh siad saor ó nicitín, agus ionadaithe tobac, agus aon táirge eile lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil.

(21) Mar thacaíocht leis an athbhreithniú ar an Moladh, seoladh glao ar fhianaise ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2022 agus chuathas i gcomhairle le hionadaithe ó údaráis inniúla na mBallstát, eagraíochtaí sochaí sibhialta, oibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine 2023.

(22) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme éifeachtach an Mholta trí chláir agus uirlisí comhair de chuid an Aontais atá ann cheana.

(23) Go háirithe, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuidiú le taighde a neartú sa réimse sin. Leis na hiarrachtaí taighde sin ba cheart táirgí atá ag teacht chun cinn a chuimsiú (amhail toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bíodh siad saor ó nicitín, agus táirgí tobac téite); ionadaithe tobac lena n-astaítear toit nó aerasóil agus aon táirge eile lena n-astaítear toit agus/nó aerasól; táirgí lena scaoiltear nicitín, agus táirgí atá cosúil

---

23 Doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an Moladh ón gComhairle maidir le Timpeallachtaí Saor ó Thoit agus ó Aerasóil lena n-ionadaítear Moladh 2009/C 296/02 ón gComhairle, [tagairt]

24 *Study on smoke-free environments and advertising of tobacco and related products* [Staidéar maidir le timpeallachtaí saor ó thobac agus fógraíocht táirgí tobac agus táirgí gaolmhara], 2021

le húsáid táirgí lena scaoiltear nicitín. Tá sé beartaithe freisin comhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear maidir le taighde, i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear leis an Moladh seo, a neartú.

(24) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sraith straitéisí um chosc a fhorbairt lena dtacaítear le sláinte leanaí agus daoine óga a chosaint ar bhealach níos fearr sna blianta is leochailí agus is foirmithí dá mbeatha, lena n-áirítear béim ar chosc ar chaitheamh tobac agus ar andúil i nicitín, agus aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir an tsláinte mheabhrach agus fhisiceach agus príomhthosca sláinte.

(25) Na Treoirlínte maidir le cosaint ar nochtadh do thoit tobac, arna nglacadh ag an Dara Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún EDS maidir le Rialú Tobac atá i gceangal leis seo, ba cheart iad a chur san áireamh. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun na bearta atá sna treoirlínte sin a leathnú agus dul tharstu.

(26) Leis an Moladh seo, cumhdaítear raon feidhme níos leithne ná a chumhdaítear le Moladh 2009/C 296/02 agus ionadaítear an Moladh sin, agus tá sé mar chuspóir ag an Moladh seo daoine a chosaint ar bhealach níos fearr san Aontas ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha, rud a chuideoidh go dearfach leis na cuspóirí de chuid Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a bhfuil baint acu le tobac agus a chuideoidh le leitheadúlacht an chaithimh tobac a laghdú agus a chuideoidh le dínormalú an chaithimh tobac agus dínormalú úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS DO NA BALLSTÁIT:

1. Cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit tobac a sholáthar in áiteanna oibre laistigh, in áiteanna poiblí laistigh agus in iompar poiblí mar a shonraítear le hAirteagal 8 de Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac (FCTC EDS) agus ar bhonn na dTreoirlínte maidir le cosaint ar nochtadh do thoit tobac san Iarscríbhinn arna nglacadh ag an Dara Comhdháil de chuid na bPáirtithe in FCTC.

2. Cosaint éifeachtach a sholáthar in áiteanna oibre laistigh, in áiteanna poiblí laistigh agus in iompar poiblí ar nochtadh d’astaíochtaí tánaisteacha a eascraíonn ó úsáid táirgí atá ag teacht chun cinn lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil, mar shampla táirgí tobac téite, toitíní leictreonacha, bíodh nicitín iontu nó bíodh siad saor ó nicitín, agus ionadaithe tobac, agus aon táirge eile lena n-astaítear toit agus/nó aerasóil.

3. Cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar i láithreacha áineasa ainmnithe amuigh faoin aer, go háirithe más féidir le leanaí a bheith i láthair iontu go minic. Orthu sin ba cheart clóis súgartha poiblí, páirceanna siamsaíochta, linnte snámha, zúnna agus spásanna comhchosúla eile amuigh faoin aer a áireamh.

4. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar in aon láthair amuigh faoin aer nó leathamuigh faoin aer (e.g. limistéir atá cumhdaithe go páirteach, a bhfuil balla curtha timpeall orthu, a bhfuil fál curtha thart orthu nó ar láithreacha iad atá teorannaithe ar bhealach eile in aice le bunaíocht nó gar di, lena n-áirítear díonta, balcóiní, póirsí nó paitiónna) a bhaineann le bunaíochtaí seirbhíse. Orthu sin ba cheart a áireamh spásanna amuigh faoin aer de bhialanna, beáir, caiféanna agus spásanna amuigh faoin aer d’áitribh chomhchosúla eile.

5. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar in aon láthair amuigh faoin aer nó leathamuigh faoin aer a bhaineann le hiompar poiblí, lena n-áirítear ag stadanna bus, tram agus traenach agus ag aerfoirt.

6. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar in aon láthair amuigh faoin aer a bhaineann le háit oibre.

7. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar in aon láthair amuigh faoin aer d'áitreabh a bhaineann le cúram sláinte. Orthu sin ba cheart ospidéil, clinicí, lárionaid sláinte, tithe altranais agus áitribh chomhchosúla eile a áireamh.

8. Cosaint éifeachtach ar thoit thánaisteach agus aerasóil thánaisteacha a sholáthar in aon láthair amuigh faoin aer d'áitreabh ina sholáthraítear oideachas agus oiliúint do leanaí agus daoine óga. Ar na láithreacha sin ba cheart institiúidí cúraim leanaí réamh-bhunscoile, bunscoileanna agus meánscoileanna, institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, ollscoileanna, lárionaid óige agus áitribh chomhchosúla eile a áireamh.

9. Breithniú a dhéanamh maidir le láithreacha eile amuigh faoin aer inar dócha go dtiocfadh an pobal le chéile, lena n-áirítear leanaí, mionaoisigh nó daoine leochaileacha, a chuimsiú i ngníomhaíochtaí chomhlántacha chun úsáid agus andúil sa tobac agus sa nicitín a chosc, agus chun timpeallachtaí cuimsitheacha saor ó thobac agus ó aerasóil a chothú. I measc na spásanna sin d'fhéadfadh a bheith i gceist tá láithreacha amuigh faoin aer ina n-eagraítear imeachtaí, hallaí éisteachta agus láithreacha do lucht féachana ag imeachtaí poiblí, agus spásanna a bhaineann le foirgnimh atá oscailte don phobal agus ar dócha go mbeidh go leor coisithe iontu (e.g. bealaigh isteach chuig ionaid siopadóireachta, clóis foirgneamh atá oscailte don phobal).

10. Breithniú a dhéanamh maidir le láithreacha eile, amhail gluaisteáin phríobháideacha ina bhfuil leanaí, mionaoisigh nó daoine leochaileacha i láthair, a chuimsiú i ngníomhaíochtaí comhlántacha chun úsáid agus andúil sa tobac agus sa nicitín a chosc, agus chun cuidiú le timpeallachtaí cuimsitheacha saor ó thobac agus ó aerasól a bhaint amach.

11. Beartais saor ó thobac agus ó aerasóil a fhorbairt agus/nó a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) Straitéisí náisiúnta agus cláir a fhorbairt chun cosaint éifeachtach ar nochtadh do thoit thánaisteach agus d'aerasóil thánaisteacha a áirithiú.

    b) Feachtais choisc, feachtais maidir le héirí as caitheamh tobac agus feachtais múscailte feasachta a chur i bhfeidhm agus/nó a fhorbairt amhail feachtais oideachais, for-rochtana agus faisnéise chun comhlíontacht le bearta saor ó thobac agus ó aerasóil a áirithiú. D'fhéadfadh na feachtais sin a bheith ina gcuid de thionscnaimh chun an andúil a laghdú. D'fhéadfadh na feachtais a bheith bunaithe ar thionscnaimh choisc a áirítear i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus/nó is féidir iad a úsáid chun na tionscnaimh sin a fhorlíonadh.

    c) A áirithiú go bhfuil struchtúir agus sásraí i bhfeidhm chun an chomhlíontacht a chur chun cinn agus na cleachtais is fearr a chur i bhfeidhm agus/nó a fhorbairt lenar féidir feabhas a chur ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú bearta saor ó thobac agus ó aerasóil.

12. Comhoibriú ar mhalartú dea-chleachtas maidir le beartais, cláir agus straitéisí saor ó thobac agus ó aerasól a fhorbairt, nó na beartais, cláir agus straitéisí sin atá ann cheana a neartú chun a áirithiú go bhfuil siad cuimsitheach, agus comhoibriú ar chuir chuige uaillmhianacha agus éifeachtúla a dhearadh agus a phíolótú i dtreo timpeallachtaí saor ó thobac agus ó aerasóil a bhaint amach.

13. Dul i ndlúthchomhar le chéile agus leis an gCoimisiún chun creat comhleanúnach a fhorbairt de shainmhínithe, tagarmharcanna agus táscairí chun an Moladh seo a chur chun feidhme go héifeachtach, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta atá ann, agus na bearta sin a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí.

14. Tuairisciú don Choimisiún, is é sin don Ghrúpa Saineolaithe um Shláinte Phoiblí agus don Ghrúpa Saineolaithe um Beartas Tobac, maidir le cur chun feidhme agus dul chun cinn na mbeart a dhéantar ar dtús 3 bliana tar éis ghlacadh an Mholta seo agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

Cuirtear an Moladh seo in ionad Mholadh 2009/C 296/02.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán